

## Ceacht Prionta le Ranganna 1 go dtí 2

### ‘Priontaí Rilífe: Priontaí agus/nó Cárta Séasúracha a Dhéanamh’

Gemma Mc Girr

**Snáth Curaclaim:** Prionta (Curaclam Amharcealaíona Ich. 34)

**Cuspóir:** Réimse de theicnící déanamh priontaí a úsáid chun priontaí téamabhunaithe nó neamhthuirisciúla a dhéanamh (Ich. 34)

**Nasc:** Péint agus Dath > Fiosraigh dath le réimse ábhar agus meán (Ich. 32)

**Féidearthachtaí Imeachtha:**

Teanga Labhartha: *Bí ag caint agus ag machnamh faoi eispéiris chaite agus láithreacha, agus déan pleanáil, réamhfhaisnéis, réamh-mheas, agus tuairimíú faoi eispéiris sa todhchaí agus sa tsamhlaíocht (Ich. 27)*

Matamaitic: (1) Déan sortáil, tuairisciú agus comparáid idir toisí 2-T: *cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal (Ich. 49)*

(2) Déan úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé (Ich. 49)

#### **Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:**

***Ábhair Riachtanacha:*** Páipéir (cruthaíonn bileoga de pháipéar daite siúcra éifeachtaí gleoite)  
Cárta trom nó bloic bheaga adhmaid nó mdf ar mhéid láimhe  
Eisiatóir seoidire (ar fáil ó shiopaí crua-earraí)  
Poilistiréin  
Siosúr  
Péint phóstaer ghorm, dhearg, bhuí, bhán, agus dhubh agus/nó dúigh ghorma, dhearga, bhuí, bhána agus dubha atá bunaithe ar uisce  
Pailéid nó plátaí chun dathanna a mheascadh  
Peirscpéacs nó leacáin chun an péint a rolladh amach nó na dúigh a phriontáil  
Soithigh uisce  
Scuabanna  
Rollairí  
Ceirteacha J-cloth (nó seantuáillí tae/ tuáillí gearrtha go méid éadach aghaidhe)

***Spreagadh:*** Míniú an teicníc péintéireachta rilífe do na leanaí, agus taispeáin dóibh conas an t-eisiatóir seoidire a chur ar bhloc adhmaid nó ar chárta chun bloc priontála le rilíf ardaithe a dhéanamh. *Déan leagan an-simplí de seo nó déanfaidh na leanaí aithris ar do dhearadh.*  
Ag brath ar an séasúr, bíodh díospóireacht ann leis na leanaí faoi na nithe a chuireann an t-am seo bliana i gcuimhne dóibh. Oíche Shamhna, An Cháisc, An Nollaig, Lá Fhéile Phádraig, srl. “An gcuireann aon chruth an t-am seo i gcuimhne duit? Cad iad na cruthanna a mheabhródh an Cháisc duit? Cén chruth atá ar choinín/ubh Chásca? (Crann Nollag/réalta/San Nioclás/fear sneachta/calóg sneachta/puimpcín Oíche Shamhna/cailleach/cat, srl.) An féidir leat na cruthanna seo a dhéanamh ar an mbloc adhmaid leis an eisiatóir seoidire?”

***Gníomhaíocht:*** Lig do na leanaí an páipéar daite ba mhaith leo a úsáid a roghnú chun a gcuid priontaí a dhéanamh. Spreag iad chun trialacha a dhéanamh le dúigh/péinteanna éagsúla ar bhailiúchán de pháipéar daite. B’fhéidir gur mhaith leo priontáil thar nithe faighte agus gur mhaith leo freisin sonraí a chur isteach le pinn luaidhe dhaite nó criáin nuair a bhíonn na priontaí tirim. Nuair a bhíonn na leanaí sásta lena bpriontaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

***Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:***

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpriontaí a phlé. Bainfidh siad taitneamh as a mhíniú conas a

'rinne' siad na dathanna tánaisteacha agus treasacha le meascán de na príomhdhathanna agus conas a chruthaigh siad patrúin agus cruthanna lena mbloic rilífe. Is féidir é seo a dhéanamh le 'Cathaoir an Ealaíontóra' mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid priontaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Foghlaimeoidh siad a lán ón ngníomhaíocht seo agus beidh feabhas le feiceáil ar ghníomhaíochtaí priontaí eile níos déanaí. Cuir priontaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt do chártaí beannachta tar éis dóibh a gcuid féin a phriontáil, agus do lógónna agus Priontaí i nDánlanna agus Leabharlanna áitiúla.

### Gníomhaíochtaí breise:

D'fhéadfadh na leanaí bloic phriontaí a dhéanamh mar léiriú ar Lógónna dá ndearthaí féin. D'fhéadfadh míreanna éadaigh, barraí milseáin, clubanna spóirt nó sainspéiseanna pearsanta a bheith i gceist.

D'fhéadfadh na leanaí úsáid a bhaint freisin as polaistiréin (trádairí a úsáidtear chun torthaí a phacáil in ollmhargaí) chun priontaí rilífe a dhéanamh. Tig leo a ndearthaí a tharraingt ar an bpolaistiréin, agus an peann luaidhe a bhrú isteach sa dromchla lena rianadh. Rollaigh an dath ar an bpolaistiréin agus déan an prionta. Feicfidh na leanaí lorg scátháin den phrionta, agus mar sin ní mór aon scríbhneoireacht a bheith aisiompaithe.

Is féidir cruthanna iontacha céimseatóla a dhéanamh trí bhannaí laisteacha a tharraingt thar na bloic. Is féidir iad a bhaint go héasca agus iad a ní le húsáid arís.

Is féidir le leanaí níos sine réiteoirí píopa agus téad a ghreamú ar na bloic chun dearthaí a dhéanamh.

B'fhéidir gur mhaith le roinnt leanaí a ndearadh a ghearradh as cárta tiubh agus é sin a ghreamú leis an mbloc. Is féidir cárta roctha a ghearradh agus a chur ar an mbloc chun patrúin spéisiúla a dhéanamh.

**Féidearthachtaí TCF:** D'fhéadfaí priontaí na leanaí a scanáil isteach sa ríomhaire agus iad a phriontáil mar chártaí beannachta, féiríní nó leabharmharcanna.

### An DVD Is Ealaíontóir Mé

**a Úsáid:** Tugann na cláir *Prionta* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh priontaí le heisiatóir seoidire.

**Nóta:** Is féidir le rang ar bith sa scoil an ceacht seo a dhéanamh, tá sé chomh simplí sin go mbeadh Naíonáin in ann é a dhéanamh leo féin agus is féidir leis na Ranganna Sinsir a bheith níos fiontraí lena ndearthaí.

**Ealaíontóirí Ábhartha:** Katsushika Hokusai

### Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

[http://www.washingtonprintmakers.com/media\\_pull\\_1.html](http://www.washingtonprintmakers.com/media_pull_1.html)

Míníonn an suíomh seo teicníc déanamh priontaí le hadhmaid nó líonóil. Mínigh do na leanaí go bhfuil a mhalairt seo á dhéanamh acu trí dheardh a thógáil seachas an t-adhmad nó an líonóil a ghearradh as.

<http://www.andreas.com/hokusai.html>

Taispeánann an suíomh seo priontaí le Hokusaid chomh maith le beathaisnéis ghearr a thabhairt.